Bileog 1.1 An Aimsir

Cuid A

Féach ar an liosta seo den chineál aimsire a bhíonn againn in Éirinn. An féidir leat na focail sa liosta a chur isteach sna colúin chuí sa bhosca thíos?

tá lá breá ann, tá sé go deas, tá sé go hálainn, tá drochlá ann, tá sé fuar, tá sé fliuch, tá sé scamallach, tá sneachta trom ann, tá an lá go maith, tá an ghrian ag soilsiú, tá sé gaofar

A – Cinnte (Tá tú cinnte cad is brí leo)	**B – Idir eatarthu** (Is féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoin bhrí)	**C – Éiginnte** (Níl a fhios agat cad is brí leo)

Anois labhair leis an duine in aice leat le feiceáil an bhfuil na focail chéanna ar eolas agaibh. An féidir libh smaoineamh ar fhrásaí eile le cur síos ar an aimsir?

Cuid B

Déan cur síos ar na pictiúir thíos:



_____ _____ _____ _____
_____ _____ _____ _____
_____ _____ _____ _____

Cuid C

Cén cineál lae atá ann inniu?

_____
_____
_____
_____

© CT Má Nuad

Bileog 1.2 Cé as tú?

Cuid A

Léigh an píosa seo os ard leis an duine in aice leat agus pléigí brí an phíosa le chéile. Tá an ghluais ann le cuidiú libh.

Tús an chaidrimh……

Tíortha éagsúla – different countries
Dorcha – dark
An-dathúil – very handsome
An-neirbhíseach – very nervous

Buaileann Máire agus Jan le chéile ag bainis i nDún na nGall. Deirfiúr Mháire atá ag pósadh agus tá a lán daoine ó thíortha éagsúla ag an bhainis. Feiceann Máire fear ard agus dorcha ag caint le fear céile nua a deirféar. Síleann sí go bhfuil sé an-dathúil. Síleann Jan go bhfuil Máire an-dathúil fosta agus is breá leis mná le Gaeilge. Is ón Ghearmáin é Jan agus tá sé ag foghlaim Gaeilge. Nuair a bhuaileann siad le chéile ar dtús tá siad an-neirbhíseach!

Cuid B

Sula n-éisteann tú leis an chomhrá ar an téip idir Máire agus Jan bí ag obair leis an duine in aice leat agus breacaigí síos na bealaí éagsúla le 'how are you?' agus 'where are you from?' a rá as Gaeilge.

_____ _____

_____ _____

_____ _____

Cuid C

Anois éist leis an téip agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé as Jan go díreach?

_____

2. Cén cineál aimsire atá ann?

_____

© OLMaNuad

Bileog 1.3 Tá mé déanach!

Féach ar an chomhrá samplach seo thíos. Tá an fear ag gabháil leithscéil as ucht bheith déanach.



Cuid A

Tá na leithscéalta thíos san ord mícheart. Scríobh san ord ceart iad.

déanach Bhí bus an. _____

Bhí sa teach mé tábhairne. _____

ar mé an ghuthán Bhí. _____

phictiúrlann Bhí sa mé. _____

Bhuail seanchara mé le. _____

mall an Bhí traein. _____

déanach Bhí ag obair mé. _____

na páistí Bhailigh ón mé scoil. _____

Cuid B

An féidir leat féin agus an duine in aice leat smaoineamh ar aon leithscéal eile?

_____

_____

_____

© OÉ Má Nuad

Bileog 1.4 Tá brón orm ach. . .

Cuid A

Sula n-éisteann tú leis an téip léigh an t-alt beag thíos faoi Mháire agus Chormac. Scríobh na focail nach bhfuil tú cinnte faoina mbrí sa bhosca agus pléigh leis an duine in aice leat iad.

Is maith le Máire Jan ach tá fadhb aici! Tá buachaill aici cheana féin. Cormac an t-ainm atá air. Ní chaitheann Cormac go maith léi, áfach. Tá sé cúig uair an chloig mall agus tá sí ag an bhainis léi féin. Nuair a thagann sé ar ais ar deireadh tá cuid mhór leithscéalta aige. Tá Máire ar mire leis!

Cuid B

Trácht	Béile	Pictiúrlann	Sneachta	Bus
Pionta	Obair	Páistí	Traein	Guthán

Cuid C

Scríobh féin agus an duine in aice leat gach leithscéal thuas i bhfocail.

1._____
2._____
3._____
4._____
5._____
6._____
7._____
8._____
9._____
10._____

© Cló Nua

Bileog 1.5 Ag Cóisir. . .

Cuid A

Féach ar na habairtí seo. Cad is brí leo agus cén aimsir ina bhfuil siad?

- Ar bhuail tú le Síle?
- Bhuail. Bhuail muid le chéile ag bainis Áine.

- Ar bhuail tú le Pól?
- Níor bhuail. Deas bualadh leat, a Phóil.

Cuid B

Féach ar an phictiúr seo den chóisir ar an trá. Cum comhrá idir an triúr ag baint úsáide as na habairtí thuas agus na focail agus na frásaí sa bhosca thíos. Cuir leis an chomhrá más féidir.

Tá lá deas ann!

Tá sé fuar.

Tá cinnte.

An bhfuil tú go maith?

An bhfuil aithne agat ar…?

Tá sé go deas.

Cad é mar atá tú, a Áine?

© Nuad

Bileog 1.6 An Chopail / Tá

Cuid A

1. Féach ar na samplaí de conas 'it is a nice day' a rá as Gaeilge. Cad í an fhoirm cheisteach (?) de na samplaí seo? Féach sa chiorcal chun cabhrú leat!

nach ar
ní an
níor an bhfuil

a) Tá lá deas ann. _____ lá deas ann?
b) Is deas an lá é. _____ deas an lá é?
c) Is lá deas é._____ lá deas é?

2. Anois, cad iad na freagraí cearta ar gach ceist?

sea / ní hea
tá / níl
is deas / ní deas

a) Tá lá deas ann. _____
b) Is deas an lá é. _____
c) Is lá deas é. _____

Cuid B

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus roghnaigh na freagraí cearta ar na habairtí thíos. Tá an chéad cheann déanta duit.

Is ceol maith é seo!	Sea/ní hea	Tá/níl	Is maith/ní maith
An bhfuil an chóisir go dona?	Sea/ní hea	Tá/níl	Is dona/ní dona
Is olc an scéal é!	Sea/ní hea	Tá/níl	Is olc/ní olc
Tá béile breá ann!	Sea/ní hea	Tá/níl	Is breá/ní breá
An tusa Máire?	Sea/ní hea	Tá/níl	Is mé/ní mé
Tá drochlá ann!	Sea/ní hea	Tá/níl	Is drochlá/ní drochlá
An dochtúir tú?	Sea/ní hea	Tá/níl	Is dochtúir/ní dochtúir
Is léacht fhada í!	Sea/ní hea	Tá/níl	Is fada/ní fada
An tusa an múinteoir?	Sea/ní hea	Tá/níl	Is mé/ní mé
An múinteoir tú?	Sea/ní hea	Tá/níl	Is drochlá/ní drochlá

Cuid C

Cur ceist ar an duine in aice leat cén cineál lae atá ann. Bain úsáid na struchtúir thuas.

©OÉ Má Nuad

Bileog 1.7 Ag bualadh le daoine

Cuid A

Líon na bearnaí sa chomhrá thíos sula n-éisteann tú leis an téip. Tá na focail atá ag teastáil uait ar fáil sa bhosca. Ansin pléigh do chuid freagraí leis an duine in aice leat le feiceáil an bhfuil na focail chéanna agaibh sna bearnaí.

aithne bhuail an-bheag roimhe Is mé

Máire: A Áine, seo Jan - ar bhuail tú leis _____?
Áine: _____. Dia dhuit a Jan. Bhuail mé leat ag cóisir Sheáin an tseachtain seo caite. Cad é mar atá tú?
Jan: Tá mé go maith, go raibh maith agat. An tusa deirfiúr Liam?
Áine: _____. An bhfuil aithne agat ar Liam?
Jan: Tá. Tá _____ mhaith agam air. Bhí muid inár gcónaí le chéile i mBerlin ar feadh trí bliana. Tá an saol _____!
Máire: Tá, cinnte!

Cuid B

Éist leis an téip anois. An raibh na freagraí cearta agaibh?

Cuid C

Siúil tú féin agus an duine in aice leat timpeall an ranga. Beidh gach duine eile ag siúl thart ina mbeirteanna chomh maith. Glacaigí sealanna ag cur a chéile in aithne do na daoine eile sa rang. Faighigí an oiread eolais agus is féidir ó na daoine a mbíonn sibh ag caint leo.

Ná déan dearmad ar na habairtí seo:

Seo Máire! Tá lá breá ann!
Ar bhuail tú le? Bhuail/níor bhuail.
An tusa cara Liam? Is mé/ní mé.
An bhfuil aithne agat ar Mháire?
Cad é mar atá tú? Cad é mar atá tusa?
Deas bualadh leat.

© OÉ Má Nuad

Bileog 1.8 Tá sé go hiontach!

Cuid A

Féach ar an struchtúr seo thíos:

- An bhfuil tú ag baint taitnimh as an chóisir?
- Tá. Tá sé go hiontach!

Féach ar na focail thíos chun an cheist agus an freagra a chur ar shlí dhifriúil. An dtuigeann tú brí na bhfocal ar fad? Tabhair buille faoi thuairim muna bhfuil tú cinnte.

An bhfuil tú ag baint taitnimh as an chóisir?
Tá. Tá sé go hiontach!



Cuid B

Scríobh cúpla abairt úr anois ag baint úsáide as na focail thuas!

Cuid C

Cuir ceist ar chúpla duine sa rang an bhfuil siad ag baint suilt as an rang.

© ÓÉ na Nuad

Bileog 1.9 Nach bhfuil?

Cuid A

Féach ar an struchtúr seo thíos agus bain úsáid as chun na bearnaí sna habairtí a líonadh – bain úsáid as na focail sa bhosca chun cabhrú leat. Ná déan dearmad féachaint siar ar Bileog 1.5 chomh maith.

- An bhfuil tú ag baint taitnimh as an chóisir?
- Tá. Tá sé go hiontach! Tá an ceol go maith, nach bhfuil?
- Tá. Tá sé ar fheabhas

- An bhfuil tú ag baint suilt as an bhainis?
- Tá. Tá sé go hiontach! Tá _____ go maith, nach bhfuil?
- Tá. _____

- An bhfuil tú ag baint taitnimh as an cheolchoirm?
- Níl. Tá sé uafásach! Tá _____ go dona, nach bhfuil?
- Tá. _____

- An bhfuil tú ag baint taitnimh as an léacht?
- Tá. Tá sé go hiontach! Tá _____ go maith, nach bhfuil?
- Tá. _____

- An bhfuil tú ag baint pléisiúir as an dráma?
- Tá. Tá sé go hiontach! Tá _____ go maith, nach bhfuil?
- Tá. _____

- An bhfuil tú ag baint súip as an scannán?
- Níl. Tá sé tubaisteach! Tá _____ go huafásach, nach bhfuil?
- Tá. _____

- An bhfuil tú ag baint taitnimh as an lá breithe?
- Tá. Tá sé go hiontach! Tá _____ go maith, nach bhfuil?
- Tá. _____

an cáca milis	an aisteoireacht	an bia
an cainteoir	na haisteoirí	an ceol

Cuid B – Cóisir sa rang!

Tabharfaidh an múinteoir dhá phictiúr duit i gceann cúpla bomaite. Léiríonn na pictiúir rud éigin faoi chóisir a bhfuil tú ag freastal uirthi. Beidh tú ag siúl timpeall an ranga ag cur ceiste ar dhaoine eile cén fáth a bhfuil siad ag baint suilt as an chóisir. Beidh siadsan ag cur na ceiste céanna ortsa.

© Oifig Mná Nuad

Bileog 1.10 Nach bhfuil?

Don mhúinteoir!

An Cáca

Lá deas

An Fíon

An Fíon

An Damhsa

Na Ceapairí

An Ceol Beo

An Pianó

An Ceol

Na Daoine

An Bia

An Bheoir

© OÉMÁ Nuad

Bileog 1.11 Sláinte!

Cuid A

Roghnaigh an frása ceart ó cholún A a théann leis an chur síos ceart i gcolún B. Tá sampla amháin déanta duit.

A	B
Sláinte	• Tá do chara tríocha bliain d'aois inniu
Athbhliain faoi mhaise duit	• Tá leanbh nua ag do chara
Slán	• Tá tú ag dul abhaile
Ádh mór	• Tá tú ag fágáil
Nollaig Shona	• Déanann cara leat rud maith
Slán abhaile	• Deir duine *Nollaig Shona* leat • 1 Eanáir
Comhghairdeas	• Tá tú ag ól deoch le cara
Maith thú	• 25 Nollaig
Go mba hé duit	• Bealach eile le slán a rá, nó *good luck* i mBéarla
Lá breithe sona duit	

Cuid B

An féidir leat smaoineamh ar aon sampla eile?

© OÉ Má Nuad

Bileog 1.12 Ag scríobh cártaí

Féach ar na cártaí seo thíos. Líon na bearnaí sa dá chárta agus ansin bí ag obair leis an duine in aice leat leis na cártaí a léamh os ard. Tá na focail a bheidh ag teastáil uait sa bhosca idir an dá chárta.

Lá Breithe Sona

A Shiobhán, _____,

Lá breithe sona _____a chroí! Bain taitneamh as _____anocht.

Grá mór ó do chara,
Máire

a chara	
an chóisir	sult
duit	grá

Lá Fhéile Pádraig

A Mhamaí,

Brón orm nach bhfuil mé sa bhaile i mbliana! Bain _____ as an lá mór in Éirinn.

Le _____ mór millteach,
Aoife

© OLM Á Nuad

Bileog 1.13 Ag scríobh cártaí

Cuid A

Féach ar na bealaí éagsúla leis an chárta thíos a scríobh. An bhfuil bealach ar bith eile ar eolas agatsa? Cathain a bhainfeá úsáid as na frásaí sna ciorcail? Le cara? Le comhoibrithe?

A Shiobhán, a chara,

Lá breithe sona duit a chroí!
Bain taitneamh as an chóisir anocht.

Grá mór ó do chara,
Máire

a chroí
a thaisce
a ghrá ghil
a stór
a mhuirnín

Ádh mór
Tóg go bog é
Póigíní
Le dea-mhéin
Beir bua

Cuid B

Roghnaigh cárta amháin ó na cártaí seo ar dheis agus scríobh nóta beag a bheadh oiriúnach don chárta sin.

A _____, _____,

_____

_____

_____

_____

_____

_____,

_____

Nollaig Shona

Athbhlian faoi Mhaise

Lá Breithe Sona



Lá Fhéile Pádraig

© OE Málaga

Bileog 1.14 Caithfidh mé imeacht . . .

Cuid A

Seo dhá bhealach i nGaeilge le 'I have to. . .' a rá:

Caithfidh mé. . .
Tá orm. . .

Féach ar na habairtí thíos agus roghnaigh ceann amháin de na briathra sa bhosca le cur sna bearnaí.

- a dhéanamh - a fháil - a bhailiú

Caithfidh mé imeacht. . .

Tá orm na páistí _____ ón scoil.

Caithfidh mé an bus deireanach _____.

Caithfidh mé obair _____.

Tá orm an tsiopadóireacht _____.

Caithfidh mé mo mháthair _____ ón bhaile mór.

Tá orm scrúdú _____ ar maidin.

Tá orm an traein dheireanach _____.

Cuid B

Beidh tú ag éisteacht le Máire ar an téip ag rá le cara léi go gcaithfidh sí imeacht. Sula n-éisteann tú léi déan iarracht an comhrá a chur san ord ceart trí uimhir 1-4 a chur in aice le gach abairt. Ansin éist léi agus féach an raibh an ceart agat.

- Níor mhaith a Sheáin, caithfidh mé imeacht.
- Is mór, ach tá orm éirí go luath. Caithfidh mé scrúdú a dhéanamh ar maidin.
- A Mháire, ar mhaith leat deoch?
- Is mór an trua é sin.

Cuid C

Abair leis an duine in aice leat go gcaithfidh tú féin imeacht agus abair leis/léi cén fáth.

© OÉ Má Nuad

Bileog 1.15 Sloinnte na hÉireann

Cuid A

Léigh an comhrá seo leis an duine in aice leat - an dtuigeann sibh é?

-Tá brón orm, cén t-ainm atá ort arís?
-Proinsias.
-Cén sloinne atá ort?
-Mac Grianna.
-An tusa deartháir Mhichíl?
-Is mé! An bhfuil aithne agat air?
-Tá, tá cinnte, tá mé ag obair leis, bhuail mé leatsa cúpla bliain ó shin!

Cuid B

Féach anois ar na sloinnte seo thíos agus léigh iad leis an duine in aice leat. Pléigh na ceisteanna seo a leanas chomh maith:

Cad is brí le Mac?		Cad is brí le Ó?
Ó Dochartaigh	Mac Aodh	Mac Diarmada
Mac Cárthaigh	Ó Néill	Mac Giolla Bhríde
Ó Conchúir	Mac Suibhne	Ó Súilleabháin

Ceangail an fhoirm cheart sa chiorcal ar dheis leis an sloinne ar chlé:

Ó Dochartaigh
Mac Cárthaigh

Ní Nic

Féachaigí beirt anois ar shloinnte na mban thíos:

Ní Dhochartaigh	Nic Aodh	Nic Dhiarmada
Nic Cárthaigh	Ní Néill	Nic Giolla Bhríde
Ni Chonchúir	Nic Suibhne	Ní Shúilleabháin

Cad é an t-athrú a thagann i ndiaidh 'Ní' agus 'Nic' mar sin? Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'Nic Dhiarmada'? Cad is brí le 'Mhic' agus 'Uí'? An bhfuil a fhios agat cén t-athrú a thagann ar an sloinne i ndiaidh na bhfocal seo? Bainigí triail as!

_____ _____ _____
_____ _____ _____
_____ _____ _____

Cuid C

Pléigh féin agus an duine in aice leat:

Cén sloinne atá ort? Cad é an cúlra a bhaineann leis? Cad is brí leis?

© OÉ Má Nuad